Thug an NDA comhairle don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an mBille a ullmhú agus rinne sé aighneacht i scríbhinn ag moladh roinnt athruithe a dhéanamh ar théacs an Bhille. Rinne an NDA plé a chur i láthair agus a éascú ag imeacht comhairliúcháin na Roinne maidir leis an mBille a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 25 Meán Fómhair. Beidh achtú an Bhille ina gharsprioc thábhachtach i dtreo chomhlíonadh na hÉireann maidir le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Dhaoine faoi Mhíchumais, agus i dtreo dhaingniú na hÉireann maidir leis an gCoinbhinsiún.

Tosaíocht straitéiseach 2: Ag maireachtáil go neamhspleách sa phobal

Chun taighde a dhéanamh agus a chomhordú maidir le sonraí a bhailiú, agus faisnéis, comhairle agus treoir a thabhairt chun treoir a thabhairt d'athruithe beartais, córas agus seirbhíse lena chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumais maireachtáil go neamhspleách agus páirt a ghlacadh sa phobal mar shaoránaigh ghníomhacha.

1. Tacú le haistriú go samhlacha úra

Creat coimisiúnaithe le haghaidh seirbhísí míchumais

D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais dréachtchreat plé maidir le coimisiúnú le haghaidh seirbhísí míchumais, ag baint leas as cleachtadh comhairliúcháin a rinneadh in 2012. Cuireadh an creat i láthair na Roinne Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena plé.

Comhdháil maidir le tacú le haistrithe

Thionóil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a Chomhdháil Náisiúnta an 6 Samhain 2013, maidir le 'Tacú le haistrithe do dhaoine faoi mhíchumais'. Cumhdaíodh roinnt de phríomhchéimeanna na beatha agus pointí aistrithe sa chomhdháil. D'fhreastail thart ar 200 duine uirthi. Díríodh i seisiún iomlánaíoch na Comhdhála ar shampla idirnáisiúnta agus Éireannach um dhea-chleachtas inar tacaíodh le daoine faoi mhíchumais ar mhodh éifeachtúil in aistriú:

- ó institiúidí cónaithe go dtí an pobal
- ó bhunoideachas go dtí an t-iar-bhunoideachas
- ó bhreisoideachas/oiliúint go dtí fostaíocht
- oiriúnú don saol le míchumas faighte

Ina theannta sin chuir 10 n-eagraíocht póstaer i láthair ag an gComhdháil. Tá cur i láthair na Comhdhála ar fáil ag www.nda.ie.

2. Aistriú go maoiniú ar bhonn aonraic

Tá an obair ar chórais leithdháilte acmhainní, mar atá curtha síos orthu i gcuid 3 thíos, ina príomhbhloc tógála maidir le haistriú i dtreo maoiniú ar bhonn aonraic a éascú, mar atá pléite in Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais na Seirbhísí Míchumais.

3. Córais leithdháilte acmhainní

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais lena chlár obair thaighde chun bonn eolais a chur faoi shamhail níos éifeachtaí chun leithdháileadh acmhainní a ailíniú i gcomhair seirbhísí míchumais le riachtanais daoine aonair, agus chun tacú le buiséid phearsanta a thabhairt isteach. D'fhéachadh sa chlár oibre ar shamhlacha éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais, na riachtanais sin a scóráil, agus na scóir sin a úsáid chun buiséid tacaíochta chuí a ghiniúint.

I dtús 2013, foilsíodh measúnú ar an triail allamuigh a rinneadh in 2012 le 112 rannpháirtí faoi mhíchumas, chun comparáid a dhéanamh idir an Scála Déine Tacaí agus córais mheasúnaithe riachtanas an RAS 5. Rinne conraitheoir seachtrach an measúnú. Taispeánadh roinnt cosúlachtaí sna torthaí idir na ranguithe a baineadh amach agus úsáid á baint as an uirlis níos simplí (RAS 5) agus an uirlis níos grinne, an Scála Déine Tacaí. Foilsíodh an measúnú ar an gcéim seo i dtús 2013.

Ar iarratas ón Roinn Sláinte agus an FSS, rinneadh an dara triail allamuigh, ina raibh ceathrach rannpháirtí ó na bunláithreáin staidéir, ar dhá chóras eile measúnaithe agus leithdháilte. Ba iad sin FACE (Anailís Fheidhmiúil ar Thimpeallachtaí Cúraim) a d'úsáid a lán údarás áitiúil sa RA, agus InterRai, a roghnaigh an FSS mar an uirlis mheasúnaithe aonair do sheirbhísí daoine scothaosta.

Rinneadh na torthaí a athmheasúnú go himheánach, agus cuirfear comparáid trasna na gceithre uirlis i gcrích in 2014. Thacaigh Coiste Comhairleach ina raibh ainmnithe ó phríomhchomhlachtaí ionadaíoch míchumais, mar aon le comhaltaí ón Roinn Sláinte agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

4. Athrú ar dhéimeagrafaíocht

Rinneadh réamhobair ullmhúcháin inmheánach chun bonn eolais a chur faoi chlár níos leithe taighde maidir le himpleachtaí athraithe ar dhéimeagrafaíocht do sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Is í an chéad chéim den chlár seo féachaint ar na himpleachtaí a bheidh ag an athrú ar

struchtúr an daonra maidir le caitheamh ar íocaíochtaí míchumais leasa shóisialaigh, agus gach gné eile gan athrú. Is é tionscadal inmheánach an chéad chéim.

5. Sainaithint príomhcheisteanna ar fud na saolré

Aistrithe réamhscolaíochta

Thionóil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais seimineár ar an aistriú isteach sa réamhscolaíocht agus ar aghaidh ón réamhscolaíocht do pháistí faoi mhíchumais. Phléigh lucht freastal ón earnáil oideachais reachtúil, ón earnáil sláinte agus ón earnáil réamhscolaíochta dea-chleachtas maidir le tacú le páistí agus le teaghlaigh agus na príomhaistrithe seo á ndéanamh acu. Maidir leis an imeacht, cuirfear an phríomhfhoghlaim ar pháipéar a scaipfear ar rannpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara.

Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

D'iarr an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an Údarás Náisiúnta Míchumais taighde a dhéanamh chun treoir a thabhairt maidir leis an tréimhse réamhscolaíochta saor in aisce do pháiste faoi mhíchumais, agus scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise atá bunaithe ar an ábhar seo. Thángthas ar an gconclúid i bpáipéar an NDA go bhfuil beagán fianaise cinnte ann ar an tionchar atá ag tréimhse níos faide a chaitheann páistí óga faoi chumais agus a bhfuil riachtanais oideachais speisialta de dhíth orthu i réamhscoileanna príomhshrutha. Ar an iomlán, tugtar le tuiscint san fhianaise atá ar fáil go bhfaightear torthaí dearfacha ón rannpháirtíocht i gclár réamhscolaíochta príomhshrutha de chaighdeán mhaith do na páistí sin. Sonraítear an fhianaise láidir sa pháipéar maidir leis an tionchar atá ag réamhscolaíocht de chaighdeán maith ar thorthaí do pháistí atá i mbaol riachtanais oideachais speisialta a fhorbairt. Bunaithe ar an bhfianaise seo chomhairligh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur cheart tús áite a thabhairt don bhliain réamhscolaíochta reatha a chur ag oibriú go maith do pháistí faoi mhíchumais, sula dtabharfar aird ar an tréimhse a shíneadh.

Idirghabhálacha frithbulaíochta

Thosaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, faoi Phlean Ghníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna ar Bhulaíocht, taighde in 2013 ar dea-chleachtas agus idirghabhálacha éifeachtúla i scoileanna Éireannacha maidir le cosc ar bhulaíocht páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.

Anailís ar phríomhthacair shonraí

Choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais líon píosaí taighde ag baint leas as micreashonraí ón Suirbhé Náisiúnta Míchumais 2006. Is é seo an chéad suirbhé dá chineál in Éirinn, ina bhfuil saibhreas faisnéise ar shampla

ionadaíoch thart ar 14,500 duine faoi mhíchumais. Ba iad seo a leanas na staidéir thaighde:

- Taighde maidir le húsáid córacha iompair éagsúla ag daoine faoi mhíchumais, agus an dóigh a n-athraíonn sé sin de réir chomh uirbeach is atá na ceantair. Foilsíodh an taighde seo in 2013.
- Taighde maidir leis na torthaí i dtaca le daoine atá faoi lagú mothúchánach, síceolaíoch agus sláinte meabhrach, a fhoilseofar in 2014.
- Taighde maidir le páiste faoi mhíchumais, agus fócas faoi leith ar oideachas, a fhoilseofar in 2014.
- Taighde ar leibhéal úsáid na teicneolaíochta cúnta, agus an gá atá le cúnaimh dá leithéid arna shainiú ar daoine aonair, a fhoilseofar in 2014.

Sonraí maidir le páistí

Staidéar fadaimseartha is ea an Suirbhé Fás Aníos in Éirinn (Growing Up in Ireland Survey) ina leanfar na páistí céanna ag céimeanna éagsúla dá saolta. Breathnaíodh sa chéad sruth ar pháistí ina gcéad bhliain dá saol, agus ar pháistí naoi mbliana d'aois, agus áirítear ar na sonraí ar na páistí naoi mbliana d'aois faisnéis maidir lena stádas míchumais agus riachtanais speisialta oideachais. D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar, bunaithe ar anailís ar na micreashonraí le haghaidh an chohóirt sin de pháistí naoi mbliana d'aois, chun páistí faoi mhíchumais a phróifiliú.

Páistí faoi mhíchumais chasta

D'fhoilsigh an NDA páipéar do chruinniú neamhfoirmiúil na nAirí Sláinte a tionóladh i Márta 2013 le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Cumhdaíodh beartas agus soláthar seirbhíse sa pháipéar seo ar fud an Aontais Eorpaigh i dtaca le páistí faoi mhíchumais chasta.

Daoine a tháinig slán as stróc ag maireachtáil sa phobal

Maoiníodh taighde sa Scéim Deontais um Chur chun Cinn Taighde 2013 inar dtugadh ceisteanna maidir le daoine a tháinig slán as stróc in Éirinn chun suntais. Arna dhéanamh ag Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, chuimsigh sé seo athbhreithniú litríochta agus suirbhé ar thart ar 200 duine a tháinig slán as stróc. Ba iad na príomhthorthaí:

- Thosaigh níos mó ná leath díobh ag tiomáint arís i ndiaidh a stróc
- Bhí cuidiú de dhíth ar leath na bhfreagróirí lena gcúram pearsanta i ndiaidh an stróc. Chuir teaghlaigh a lán den chuidiú sin ar fáil

- Bhí a lán díobh faoi anacair mhothúchánach agus faoi thuirse i ndiaidh an stróc, ach dúirt os cionn leath díobh nach bhfuair sin mórán cóir leighis nó nach bhfuair siad cóir leighis ar bith
- Bhí na leibhéil maidir le filleadh ar an obair i ndiaidh stróc íseal
- Chuaigh ioncain níos ísle agus caiteachas níos airde i gcion ar chúrsaí airgid
- Bhí trian díobh ag íoc go príobháideach ar fhisiteiripe nó ar theiripe urlabhra agus teanga

Daoine sa phobal faoi lot inchinne faighte

Dámhadh conradh taighde ar an gColáiste Ollscoile, Corcaigh faoin Scéim Deontais um Chur chun Cinn Taighde 2013 chun breathnú ar bhacainní agus ar thacaí do dhaoine faoi lot inchinne faighte. Tá an taighde seo le críochnú in 2014.

Measúnú riachtanas i ndlínsí eile

In 2013 rinne an NDA athbhreithniú ar na córais reatha maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais do pháistí faoi mhíchumais i seacht ndlínse. Sa pháipéar faisnéisithe inmheánach a bhí mar thoradh air sin cuireadh síos ar na seacht gcóras agus saináithníodh téamaí coitianta iontu.

Rannpháirtíocht sa Saol Poiblí agus Polaitiúil

Thionóil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais comhdháil maidir le Rannpháirtíocht sa Saol Poiblí agus Polaitiúil ag Páirc an Chrócaigh an 24 Bealtaine 2013, i gcomhpháirtíocht le hOifig Eolais Pharlaimint na hEorpa.

Díríodh sa chomhdháil ar na dúshláin reatha maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil do dhaoine faoi mhíchumais, lena n-áirítear seasamh i dtoghcháin, bainteacht i bpáirtithe polaitiúil, agus vótáil. Ba é an Ró-Onórach David Blunkett, Teachta Parlaiminte an príomhchainteoir.

Tionóladh seimineár eile ar ‘Teacht ar Vótálaithe faoi Mhíchumais (Reaching Voters with Disabilities) ag oifigí Parlaimint na hEorpa i mBaile Átha Cliath an 2 Nollaig 2013. Thacaigh an seimineár le tacú le baill foirne lena chinntiú go mbeadh rochtain sna feachtais le haghaidh na dtoghchán áitiúil agus Eorpach 2014 ar gach vótála, lena n-áirítear vótálaithe faoi mhíchumais.

6. Creat agus caighdeán dearbhaithe cáilíochta

Caighdeán Eatramhacha le haghaidh Seirbhísí Lae Aosach

Foilsíodh athbhreithniú Seirbhísí Lae Aosach an FSS dar Teideal ‘New Directions’ i mí Feabhra 2012. Is éard atá beartaithe leis seo samhail úr seirbhíse ina gcuirtear béim ar thacaíocht do dhaoine faoi mhíchumais a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí príomhshrutha sa phobal. Déantar ionadaíocht ar son an Údaráis Náisiúnta Míchumais ar an ngrúpa um chur i bhfeidhm. Faoin bplean cur i bhfeidhm, iarradh ar an Údarás Náisiúnta Míchumais dréacht-Chaighdeán Eatramhacha a fhorbairt don tsamhail úr atá leagtha amach in ‘New Directions’, i gcomhar le foghrúpa de chuid an ghrúpa um chur i bhfeidhm. Áiríodh ar an obair sin sraith grúpaí fócais réigiúnacha le daoine a úsáideann seirbhísí lae aosach le bonn eolais a chur faoi fhorbairt na ndréacht-Chaighdeán Eatramhach. Táthar ag súil go mbeidh an dréacht-Chaighdeán Eatramhacha foilsithe don chéad leath de 2014.

Dréacht-Phlean Corparáideach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2013–2015

D’fhoilsigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2013–2015 a nDréacht-Phlean Corparáideach 2013-2015 le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2013. Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte mar fhreagairt don chomhairliúchán poiblí seo.

Na dréacht-Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Aosaigh) faoi mhíchumais) 2013

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais aighneacht in 2013 leis an Roinn sláinte mar fhreagairt dá gcomhairliúchán ar na dréacht-Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Aosaigh) faoi mhíchumais) 2013

7. Teileachúram agus teileashláinte

Leanadh le hobair i dtaca le taighde a choimisiúnú chun breathnú ar chórais agus ar bheartais eispéireas náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca le teileachúram agus teileashláinte, agus leas a bhaint as an bhfoghlaim d’Éirinn. Tá tuarascáil le foilsiú in 2014.

Tosaíocht straitéiseach 3: Dearadh Uilíoch den chomhshaol

“Sármhaitheas i ndearadh uilíoch a chur chun cinn chun rannpháirtíocht uasta i sochaí na hÉireann a éascú”

Prionsabail um dhearadh uilíoch a chur chun cinn i gcomhthéacs Éireannach

Taighde ar Dhearadh Uilíoch Campais Oideachais Chomhroinnte

Leanadh le hobair ar an taighde a choimisiúnaigh an NDA i dtaca leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta comhaimseartha ar Champais Oideachais agus fócas trasna na Saolré, ag scrúdú an dóigh a gcuireann Dearadh Uilíoch bonn eolais faoi dhearadh na gcampas sin in Éirinn do dhaoine d’aois, de mhéid agus de chumas nó de mhíchumas ar bith. Is é aschur an taighde treoir a thabhairt do bheartas náisiúnta agus bonn eolais a chur faoi threoir dearaidh phraiticiúil. Tá an lárionad ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte ar a chuid oibre. Coimisiúnaigh an taighde sin in 2012 agus tá sé seo le críochnú in 2014.

Taighde maidir le spásanna agus Dromchlaí Comhroinnte

Foilsíodh tuarascáil ar an taighde a choimisiúnaigh an NDA maidir le cleachtais agus smaointeoireacht náisiúnta agus idirnáisiúnta chomhaimseartha ar spásanna comhroinnte agus dromchlaí comhroinnte agus “criosanna baile” i Meán Fómhair 2012. Chuir Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (LSDU) an Údaráis Náisiúnta Míchumais an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an eolas faoin bhfoghlaim ón taighde i dtaca leis an Lámhleabhar Dearaidh faoi Bhóithre agus faoi Shráideanna Uirbeacha. Cuirfidh an obair bonn eolais faoin bplé leanúnach le húdaráis áitiúla fosta maidir le treoirthionscadal ó pheirspictíocht spáis chomhroinnte.

Taighde um innealtóireacht táirge agus próiseas Dearaidh Uilíoch

Tá fócas an taighde dochtúireachta cómhaoinithe (an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus Comhairle na hÉireann um Thaighde Fuinnimh) ar chóras rátála Dearaidh Uilíoch a shainiú. Rinne taighdeoir ailtireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath scrúdú ar an réimse seo agus go sonrach,

an dóigh a bhféadfadh sé oibriú cosúil leis gcóras Rátála Fuinnimh Foirgnimh atá i bhfeidhm in Éirinn cheana in 2013. Cuireadh an obair sin i gcrích i Meán Fómhair 2013 agus cuireadh ar aghaidh í lena scrúdú i gColáiste na Tríonóide. Seachadfar toradh an tráchtais sin in 2014.

Uirlis Iniúchóireachta Dearaidh Uilíoch le haghaidh Bóithre agus Sráideanna

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tús le planáil le haghaidh tionscadal oibre chun treoir a thabhairt d'fhorbairt Uirlis Iniúchóireachta Dearaidh Uilíoch le haghaidh Bóithre agus Sráideanna i ndeireadh 2013. Tá sé beartaithe an Uirlis Iniúchóireachta a úsáid in éineacht leis an Lámhleabhar Dearaidh le haghaidh Bóithre agus Sráideanna (LDBS) a foilsíodh le déanaí ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Bhí próiseas tairisceana i gceist leis sin. Tá an NDA ag leanúint d'oibriú leis an bhfoireann LDBS agus Rannán Bóithre na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun an obair fhorbartha seo a chur ar aghaidh in 2014.

Comhairle agus cúnaimh a tabhairt maidir le caighdeán um dhearadh uilíoch a fhorbairt

Cur i gcrích agus lainseáil an Dearaidh Uilíoch i gCaighdeán agus Foirne Uirlis um Bainteacht Custaiméirí

D'oibrigh Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais i gcomhar leis an Údarás Comhionannais leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta, Fáilte Éireann agus príomhpháirtithe leasmhara san earnáil Iompair agus Turasóireachta (Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit, an earnáil phríobháideach agus úsáideoirí deiridh) i nDearadh Uilíoch NSAI, IS 373 le haghaidh an chaighdeán um Bainteacht Custaiméirí i Seirbhísí Turasóireachta a fhorbairt. Lainseáladh caighdeán an chéad domhain seo den chineál seo ag seimineár arna óstáil i gcomhar le hUachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach i mí na Bealtaine, 2013. Cuireadh an caighdeán seo ar fáil saor in aisce do os cionn 18,000 Soláthraí Seirbhíse Turasóireachta agus tá sraith Foirne Uirlisí ag gabháil leis. D'fhorbair an lárionad an tsraith foirne uirlisí le bonn eolais a chur faoin earnáil soláthair fuinnimh agus faoin earnáil turasóireachta ar an dóigh leis an gcur chuige Dearaidh Uilíoch a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar bhainteacht custaiméirí lena seirbhísí. Soláthraítear samplaí praiticiúla, leideanna, seicliostaí agus uirlisí eile d'úsáid soláthraithe fuinnimh agus turasóireachta san fhoireann uirlisí. Taispeánann an treoir an dóigh le cumarsáid a dhéanamh níos éasca le rochtain, le tuiscint agus le húsáid ag gach custaiméir. Cumhdaítear cumarsáid i scríbhinn iontu amhail foirmeacha

agus bileoga, cumarsáid duine le duine agus cumarsáid teileafóin chomh maith le córais chumarsáide bunaithe ar an ngréasáin.

San earnáil fuinnimh, rinne Airtricity cur i láthair ag Comhdháil Rochtana Bhliantúil an NDA maidir leis na tairbhí gnó atá bainte amach acu i ndiaidh cur chuig Dearaidh Uilíoch. Mar shampla, rinne Airtricity an córas roghchláir a athdhearadh ar a gcóras teileafón seirbhíse custaiméirí um Fhreagairt Gutha Idirghníomhaigh (IVR). Laghdaigh sé sin an méid ama a ghlac sé le labhairt le gníomhaire 60% agus chuir sé feabhas suntasach ar shásamh custaiméirí maidir lena seirbhís teileafóin do chustaiméirí.

Tá na Foirne Uirlisí ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce ag:

- <http://UniversalDesign.ie/Energy>
- <http://UniversalDesign.ie/Tourism>

Treoirlínte idirnáisiúnta maidir le caighdeán — Treoir 71

Lean Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais lena chuid oibre mar shaineolaí ar an gComhghrúpa Comhairle Theicniúil a bhfuil an príomhdhoiciméad idirnáisiúnta maidir le hinrochtaine d'fhorbróirí caighdeán, Treoirlínte chun Inrochtaine i gCaighdeáin a Phlé, ar a dtugtar Treoir ISO/IEC 71 á thabhairt chun dáta agus á athscríobh aige. Go sonrach, rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ábhar ar Dhearadh Uilíoch, Aicmiú Idirnáisiúnta na hEagraíochta Sláinte Domhanda um Fheidhmiú (ICF), agus antrapaiméadracht (ar mhéid an duine) a chomhtháthú.

An Caighdeán Eorpach (EN) agus an Fhoireann Uirlisí Soláthair le haghaidh TFC Inrochtana

Lean Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais le cion a chur le forbairt an chéad Chaighdeáin Eorpaigh (EN) maidir le teicneolaíocht inrochtana, EN 301 549 'Ceanglais inrochtaine oiriúnach do sholáthar poiblí táirgí agus seirbhísí TFC san Eoraip'. Mar a thugann an t-ainm le tuiscint tá an Caighdeán barrfheabhsaithe lena úsáid chun ceanglais inrochtaine a shainiú i soláthairtí poiblí TFC. Dhírigh cion an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ar fhorbairt Foireann Uirlisí ar líne ina soláthraítear rochtain agus comhairle struchtúrtha maidir leis an gCaighdeán a úsáid.

Déantar tagairt don EN 301 549 "Ceanglais inrochtaine oiriúnach do sholáthar poiblí táirgí agus seirbhísí TFC san Eoraip" cheana mar 'caighdeán comhchuibhithe' i ndrúcht-togra an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hinrochtaineacht an ghréasáin agus táthar ag súil go ndéanfar tagairt de san

Acht Eorpach um Inrochtaineacht (European Accessibility Act) arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach.

Tá EN 301 549 ‘Ceanglais inrochtaine oiriúnach do sholáthar poiblí táirgí agus seirbhísí TFC san Eoraip’ ar fáil le híoslódáil ag <http://www.etsi.org/news-events/news/754-new-european-standard-on-accessibility-requirements-for-public-procurement-of-ict-products-and-services>

Caighdeán Eorpach: Sainordú M/473

Toghadh Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais mar chathaoirleach ar Shainordú M/473 an Choimisiúin Eorpaigh um Dhearadh do Chách in 2013. Baineann an chuid den Sainordú M/473 a bheidh faoi chathaoirleacht an NDA le caighdeán úr (nó táirge insoláthartha imleor) a fhorbairt ina dtabharfaí aghaidh ar phróiseas deartha, forbartha agus táirgthe na déantúsaíochta earraí agus soláthair seirbhíse sna réimsí tosaíochta ina gcuirfí síos ar an dóigh a mbreathnófaí ar inrochtaine do dhaoine faoi mhíchumais agus do dhaoine scothaosta i ndiaidh cur chuige um Dhearadh do Chách (Dearadh Uilíoch).

Treoirlínte a tháirgeadh chun tacú a thabhairt le dearadh uilíoch a bhaint amach chun feabhas a chur ar an gcáilíocht beatha agus chun neamhspleáchas a chur chun cinn

Taispeántí intí le haghaidh córais mhéadráithe chliste

In 2012, d’fhógair an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) go bhfuil sé beartaithe méadair chliste leictreachais agus gáis a chur i bhfeidhm ar fud na hÉireann idir 2016 agus 2019. Mar chuid d’fheidhmiú céimneach na méadar cliste seo, gheobhaidh gach custaiméir tí Taispeánt Intí a bheidh ábalta faisnéis gar don fhíor-ama a thaispeánt maidir lena n-ídiú fuinnimh.

Choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde agus forbairt treoirlínte teicniúla le haghaidh Dearadh Uilíoch Taispeántí Intí. Tugadh faoi phróiseas trí chéim inar cuimsíodh athbhreithniú litríochta, tástáil inúsáidteachta agus comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara. Lainseáladh tuarascáil an taighde agus na treoirlínte teicniúla in 2013 agus tá siad foilsithe ar <http://UniversalDesign.ie>.

Treoirlínte tithe dearaidh uilíoch

Leanadh den obair choimisiúnaithe chun treoirlínte a fhorbairt do thithe dearaidh uilíoch— “Treoirlínte do Thithe Dearaidh Uilíoch d’Éirinn”—

tithe atá oiriúnach do dhaoine d'aoiseanna éagsúla, de mhéideanna éagsúla, de chumais éagsúla nó de mhíchumais éagsúla agus atá éasca le hoiriúnú do chéimeanna beatha éagsúla agus cuireadh i gcrích í in 2013. Tá sé beartaithe go mbeadh na treoirlínte sin oiriúnach do gach teach agus do gach árasán. Cuireadh tús leis an gcéad chéim eile a bhaineann le Measúnú Costais ar na Tithe Dearaidh Uilíoch in 2013 agus tá sé le críochnú in 2014.

Dearadh baile do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu

Leanadh le hobair ar thaighde agus ar threoir um dhearadh a choimisiúnaigh an NDA maidir le dearadh tí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Tabharfar aghaidh sa Treoir um Thaighde, Moltaí agus Dearadh ar riachtanais teaghlaigh agus cúramóirí daoine a bhfuil néaltrú orthu. Coimisiúnaigh an obair seo i ndeireadh 2012 agus críochnófar í in 2014.

Taighde Tacaithe

Tá tionscadal taighde iar-dhochtúireachta agus dochtúireachta á mhaoirsiú agus á thacú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais faoin scéim “Taighde Comhpháirtíocht Fiontraíochta” de chuid Chomhairle na hÉireann um Thaighde.

Gníomhú le comhlachtaí oideachais agus creidiúnaithe chun dearadh uilíoch a leabú ina gcúrsaí

Feidhmiú céimneach modúil ar Dhearadh Uilíoch don churaclam tríú leibhéal

Cuireadh tús le hobair ar chlár um fheidhmiú céimneach ábhair churaclaim maidir le Dearadh Uilíoch a forbraíodh lena úsáid i gcúrsaí tríú leibhéal innealtóireachta, ailtireachta, teicneolaíochta agus dearaidh. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí roinnt aoi-léachtaí a thabhairt ar Dhearadh Uilíoch do mhic léinn agus cur i láthair ar an modúl d'oideoirí ag imeachtaí oideachais ábhartha. Oibríodh le roinnt scileanna innealtóireachta, eolaíocht ríomhaireachta, ailtireachta agus dearadh táirgí chun scrúdú a dhéanamh ar an dóigh le Dearadh Uilíoch a chuimsiú i gcúrsaí agus i modúil ábhartha. Síníodh Meabhrán Tuisceana leis an Rannóg Ríomhaireachta agus Matamaitice in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, a bhfuil tús curtha aici le Dearadh Uilíoch a chuimsiú ina cúrsaí eolaíocht ríomhaireachta ar leibhéal téamach.

Is féidir féachaint ar shampla d'ábhair churaclaim ar chainéal YouTube an Údaráis Náisiúnta Míchumais: <https://YouTube.com/user/NatDisabilityAuth>. Dar teideal “Meet the Normals”, cuireann an bheochan seo léargas ar fáil do mhic léinn maidir leis an réasúnaíocht le haghaidh Dearadh Uilíoch, agus maidir le próiseas an Dearaidh Uilíoch.

Dearadh Uilíoch don churaclam dara leibhéal

Lean Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais ag obair i dtreo modúl curaclaim Dearaidh Uilíoch a fhorbairt lena úsáid i scoileanna dara leibhéal. Tabharfar tús eolais sa churaclam do mhic léinn dara leibhéal maidir le cleachtais um Dhearadh Uilíoch réitithe fadhbanna úsáideoir-lárnach a dhearadh. Tá tionscadal ar siúl chun Cúrsa Gairid ar Dhearadh Uilíoch a ullmhú agus a fheidhmiú go céimneach don dara leibhéal a bheidh ailínithe le Creat Sraithe Sóisearaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Feasacht agus tuiscint i leith cleachtadh ar dhearadh uilíoch a chur chun cinn.

Obair ghradam

Gradam um Dhearadh Uilíoch IRAÉ

Chomhoibrigh Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ) chun Gradam um Dhearadh Uilíoch IRAÉ a lainseáil mar chuid de Gradaim bhliantúla Ailtireachta na hÉireann de chuid an IRAÉ. Bhí seacht n-iontráil ann agus comhbhronn Stiúrthóir an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus Uachtarán an IRAÉ an gradam ag imeacht Gradam 2013 an IRAÉ. Bhuaigh Lárionad Mic Léinn an Choláiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath le Fitzgerald Kavanagh and Partners an Gradam Dearaidh Uilíoch agus Rogha Poiblí araon. Bhí an t-ailtire agus Ollamh Emeritus Hubert Froyen ón mBeilg ina chathaoirleach ar an gcoiste don ghradam.

Scéimeanna gradam — Gradam an IDÉ um Dhearadh Uilíoch 2013

Chomhoibrigh Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais le tionscadal de chuid Institiúid Dearthóirí Éireann (IDÉ) chun gnóthachtálacha atá bainte amach ag dearthóirí Éireannacha a thabhairt chun suntais le taispeántas dar teideal “Tionchar a Imirt le Dearadh Uilíoch”. Chomhbhronn an NDA Gradam náisiúnta an IDÉ um Dhearadh Uilíoch 2013. Ba é coiste idirnáisiúnta a roghnaigh Gradam an IDÉ um Dhearadh Uilíoch ag baint leas as critéir dhearaidh bunaithe ar na 7 bprionsabal agus 29 treoirínite maidir le Dearadh Uilíoch.

Gradam um Rochtain Chathrach

Thacaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le húdaráis áitiúla Éireannacha chun páirt a ghlacadh i scéim ghradam an Choimisiúin Eorpaigh trí cheardlann a óstáil in 2013 d'údaráis áitiúla cathracha Éireannacha incháilithe. D'fhreastail cúig cinn de na sé chathair incháilithe ar an gceardlann, agus thug láithreoirí an NDA agus an Choimisiúin Eorpaigh mionteagasc díobh maidir le sonraí na scéime gradam. Thug Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas mionteagasc don lucht freastail ar a rannpháirtíocht rathúil le Tamhlacht in 2012.

An chomhdháil maidir le “Seirbhísí Poiblí a dhéanamh inrochtana”

Tionóladh ár gcomhdháil maidir le “Seirbhísí Poiblí a dhéanamh inrochtana” i nDeireadh Fómhair i mBaile Átha Cliath. Chuir Ben Terrett (Ceann um Dhearadh) agus Joshua Marshall (Ceann Forbartha agus Inrochtaine) ó Sheirbhís Dhigiteach Rialtais Oifig an Caibinéid síos ar a suíomh gréasáin “gov.uk” agus a dtionscadal úr “Assisted Digital” a bhfuil duaiseanna buaite ina leith. Phléigh Fiona Hannon an dóigh a n-úsáideann Airtricity Dearadh Uilíoch chun feabhas a chur ar an dóigh a bhfreastalaíonn siad ar chustaiméirí. Chuir foireann de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais a dhoiciméad treorach “Soláthar agus Inrochtaine” agus foirne uirlisí “Dearaidh Uilíoch le haghaidh rannpháirtíocht custaiméirí” i láthair. Mhínigh Bernie McNally, an tArd-Stiúrthóir in Oifig an Ombudsman, an dóigh a bhféadann comhlachtaí poiblí saoránaigh a chur an eolas níos fearr faoina gcearta agus faoi nósanna imeachta gearán faoin Acht um Míchumas 2005.

Seimineár ar Inrochtaineacht an Ghréasáin faoi Fhóram Míchumais na hEorpa

Dé Sathairn an 23 Feabhra 2013 thionóil an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i gcomhair le Fóram Míchumais na hEorpa comhsheimineár dar teideal “Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin Poiblí - peirspictíochtaí reachtaíochta agus praiticiúla”. Shonraigh an seimineár ócáid chruinniú ginearálta bliantúil an EDF i mBaile Átha Cliath chomh maith le hUachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh (AE). Díríodh ann ar inrochtaineacht an ghréasáin i gcomhthéacs an togra le haghaidh treoir AE ar inrochtaineacht suíomhanna gréasáin poiblí a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach. Ba é an tUas. Pat Rabbitte, T.D., an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a d'oscail an seimineár.

Ag leanúint ar an seimineár, choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais taighde maidir le hullmhacht na mBallstát na ceanglais arna

sainiú i ndrucht reatha na Treorach a chomhlíonadh. Foilseofar an tuarascáil seo in 2014 le comhtharlú le léamh an drucht-togra ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

An seimineár “Rochtain ar vótálaithe faoi mhíchumais”

Chuir foireann de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais an seimineár “Rochtain ar vótálaithe faoi mhíchumais” i láthair in Oifig Eolais Pharlaimint na hEorpa i mBaile Átha Cliath. I measc topaicí eile tá “Ábhair phleanála agus phriontála toghcháin”, “Cumarsáid mheánach shóisialta agus ar líne”, agus “Teilifís/fís chraolacháin - rochtain ar an lucht éisteachta/féachana is leithne”. Bhí an seimineár do dhaoine atá freagrach as teachtaireachtaí a chur chuig vótálaithe, trí ábhair thoghcháin, suíomhanna gréasáin, na meáin chumarsáide, craolacháin pholaitiúla agus uirlisí eile cumarsáide. Bhí sé d’aidhm leis an seimineár an dóigh lena chinntiú go mbeadh an vótálaí amháin as seacht vótálaí atá faoi chumais ábalta á n-ábhair agus a dteachtaireachtaí a rochtain a theagasc do pháirtithe polaitiúla.

Cur i láthair ag comhdhálacha agus seimineáir

D’óstáil Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch an Údaráis Náisiúnta Míchumais sraith seimineár agus thug siad cur i láthair ag seimineáir/comhdhálacha éagsúla chun feasacht agus tuiscint a chruthú maidir le dearadh uilíoch agus a ghlacadh ag páirtithe leasmhara a chur chun cinn lena n-áirítear cur i láthair ar Dhearadh Uilíoch agus an timpeallacht thógtha. I measc na n-eagraíochtaí bhí Engineers Ireland, ABX Expo Boston 2013 (ó chuireadh ón Institute of Human Centred Design), Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta, Institiúid Rialála Tógála na hÉireann, an Scoil Ailtireachta, Ollscoil Luimnigh.

Tosaíocht straitéiseach 4: Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach

“Timpeallacht, tacaí, beartais agus córais a fhorbairt lena chur ar chumas an Údaráis Náisiúnta Míchumais a chuspóirí straitéiseacha a sheachadadh go héifeachtúil.”

Le linn 2013, lean an NDA lena chumas a choimeád agus oibriú chun é a fhorbairt mar eagraíocht éifeachtúil chun clár oibre iomlán a sheachadadh ar aon dul le tosaíochtaí straitéiseacha agus cloí le ceanglais reachtúla agus rialála.

De dheasca chur i bhfeidhm Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2013-2016) bhí athruithe suntasacha ann don fhoireann i lár 2013. Áiríodh air sin cuireadh síneadh ar uaireanta oibre don fhoireann agus athruithe i rátaí pá.

Córais agus cumarsáid éifeachtúil agus éifeachtach a chinntiú chun cuspóirí a sheachadadh ar ardchaighdeán

Taighde Suíomhanna Gréasáin

Leanadh le hobair in 2013 chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt shuíomhanna gréasáin an NDA — www.nda.ie agus www.UniversalDesign.ie — ionas go mbeidh siad ina n-eiseamláirí inrochtaineachta agus úsáidteachta. Áiríodh air sin taighde a dhéanamh le húsáideoirí chun treoir a thabhairt do dhearadh na suíomhanna a lainseálfar in 2014.

Seirbhís Phriontála Bhainistithe

Tá leas á bhaint ag an NDA as an tseirbhís roinnte tacaíocht airgeadais agus an tseirbhís roinnte tacaíocht TF ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar feadh na mblianta. Le linn 2013, bhain an NDA leas as an tseirbhís phriontála bhainistithe úr atá á cur i bhfeidhm faoin Roinn mar chuid de na bearta leanúnacha chun coigiltis a shainiú. Bhain sé sin le suiteáil chéimnithe gléasanna priontála/cóipeála úra san eagraíocht, ar a raibh córas bainistíochta priontála níos cuíchóirithe agus níos cost-éifeachtúla ar an iomlán mar thoradh air.

Cumarsáid sheachtrach éifeachtúil a chinntiú

Nuachtlitir

D'fhoilsigh an NDA nuachtlitir ráithiúil thar 2013 a seoladh ar an ríomhphost chuig thar 2,000 síntiúsóir gach ráithe. Chuir an nuachtlitir faisnéis ar fáil maidir le forbairtí oibre sna réimsí beartais, taighde, caighdeán agus dearaidh uilíoch. Is féidir cóipeanna den nuachtlitir a fháil ar ár suíomh gréasáin www.nda.ie.

Leabharlann a choimeád chun treoir a thabhairt do thaighde agus do bheartas míchumais agus dearaidh uilíoch

Tá os cionn 50,000 mír inár leabharlann maidir le míchumas, inrochtaine agus ábhair ghaolmhara. Áirítear ar an mbailiúchán leabhair, ríomhírisí, irisí cló, nuachtlitreacha, DVDanna, físeáin agus CD-ROManna. Tacaíonn sé le forbairt chomhairle bunaithe ar fhianaise trí chuardach litríochta don fhoireann. Tá an leabharlann ar oscailt beagnach gach Déardaoin don phobal i gcoitinne. Thar 2013, d'fhreagair foireann na leabharlainne os cionn 400 fiosrú, lena n-áirítear cuardach litríochta don fhoireann, iarratais ar airteagail, iasachtaí, athnuachan agus fiosruithe ón bhfoireann agus ón bpobal i gcoitinne. Seachadadh oiliúint don fhoireann fosta maidir le cuardach litríochta a dhéanamh.

An Straitéis Acmhainní Daonna agus beartais chomhlántacha a chur i bhfeidhm, chun tacú leis an bhfoireann leis an bplean straitéiseach agus cláir oibre bhliantúla a sheachadadh agus cultúr oibre dearfach a chothú

Straitéis Acmhainní Daonna

Faoin tiomantas sa straitéis chun “ardmheanma i measc na foirne” a chothú agus óstáladh sraith seimineáir am lóin ar ábhair lena n-áirítear cúrsaí pearsanta airgid, feasacht ar shláinte mheabhrach, ithe le haghaidh fuinnimh agus cothromaíocht oibre is saoil. D'fhreastail a lán daoine ar na seisiúin sin agus bhí an t-aiseolas ón bhfoireann an-dearfach.

Oiliúint agus Forbairt

I dtús 2013 cuireadh an oiliúint um fhorbairt ceannaireachta do bhainisteoirí sinsearacha agus láir agus an oiliúint um bainistíocht líne i gcrích. De dheasca sheachadadh na hoiliúna sin, agus seisiún oiliúna ar bhainistíocht freastail, cumasaíodh cur i bhfeidhm deiridh an bheartais um

bainistíocht freastail ar a cuireadh feabhas ar aon dul le hathchóirithe na hearnála poiblí.

Coiste Comhpháirtíochta

Bhuail ár gcoiste comhpháirtíochta le chéile 6 huairé in 2013. Áiríodh ar obair an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim phiólótach um Moltaí don Fhoireann do 2014, Feasachán Comhpháirtíochta don Fhoireann a tháirgeadh agus a eisiúint, cuidiú le haitheantas tionscnamh sóisialta faoi chlár meanma na foirne agus breithniú ar obair an NDA i dtaca le fuinneamh, rochtain, plean gníomhaíochta custaiméirí agus feabhas a chur ar bhainistíocht tionscadal.

Seachadadh éifeachtúil freagrachtaí reachtúla agus rialála a chinntiú

Airgeadas agus rialachas

Ar aon dul leis an Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, rinne an NDA cuntais airgeadais do 2012 a ullmhú agus a chur isteach iad chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Faomhadh na cuntais agus dá réir sin cuireadh isteach chuig an Aire iad mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil i mí Mheán Fómhair 2013.

Ar aon dul le dea-rialachas bhuail Coistí Airgeadais Iniúchóireachta ceaptha an Údaráis le chéile go rialta le linn 2013. Bhuail an Coiste Iniúchóireachta le chéile 3 huairé le linn 2013. Chuir sé a thuarascáil i láthair an Údaráis i mí na Nollag 2013 i dtaca lena chuid oibre ar athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta ag an Feidhmeannach maidir lena moltaí ar iniúchtaí neamhspleácha ar rialuithe airgeadais, bainistíocht tionscadal agus sócmhainní seasta a chur i bhfeidhm. Le linn 2013, thug sé comhairle chomh maith maidir lena athbhreithniú ar chlár bainistíochta riosca an NDA. Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile 7 n-uairé i rith 2013 agus lean siad le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas ag an bhFeidhmeannach.

Cóiríocht

Chuir an NDA iarratas isteach ar chead pleanála le 2 urlár ar fhoirgneamh cúil a chuid oifigí a choinneáil lena n-úsáid mar is cuí. Faomhadh é sin faoi dheireadh na bliana faoi réir achomhairc ar bith.

Fuinneamh

Tá an NDA tiomanta do choigiltis fuinnimh a chinntiú agus in 2013 d'oibrigh sé le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) i dtaca lena Chlár Comhpháirtíocht Bainistíochta Fuinnimh Earnála Poiblí.

Bhain sé sin le rochtain ar shaineolaí de chuid Chlár Comhairle, Meantóireachta agus Measúnaithe an ÚFIÉ a chuaigh i gcomhairle le hOifigeach Fuinnimh ainmnithe agus foireann tacaíthe an NDA i dtaca le measúnuithe ar ídiú fuinnimh chomh maith le comhairle a thabhairt maidir le forbairt Plean Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh agus Feachtas um Fheasacht Fuinnimh a chuirfear chun cinn in 2014.

D'fhreastail an tOifigeach Fuinnimh agus an fhoireann tacaíochta ar oiliúint Monatóireachta agus Tuairiscithe an ÚFIÉ agus chláraigh an NDA a ídiú fuinnimh le clár Monatóireachta agus Tuairiscithe an ÚFIÉ. Bhí coigiltis bainte amach cheana ó chur i bhfeidhm cláir coigilte costais maidir le hídiú fuinnimh, iompar agus córais TF.

Bearta a Rinneadh in 2013

In 2013 rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumas raon gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Feabhas a chur ar a chleachtais um monatóireacht agus bainistíocht fuinnimh

Leo seo agus bearta sábhála fuinnimh eile le chéile, tá 23500 MWh á shábháil ag an Údarás Náisiúnta Míchumas gach bliain.

Bearta atá Beartaithe le haghaidh 2014

In 2014 – 2015 tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Míchumas tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- Clár (cláir) um fheasacht fuinnimh a chur i bhfeidhm
- Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh a chórais (a chóras) soilsiithe
- Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh a chórais (a chóras) TFC.

Oifigeach Rochtana

Lean Oifigeach Rochtana an NDA, a ceapadh ar aon dul leis an Acht um Míchumas, le cúnamh cuí a threorú agus a eagrú do dhaoine faoi mhíchumais a raibh fáil acu ar shaoráidí, imeachtaí agus suíomh gréasáin an NDA in 2013. Tá sonraí maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana leagtha amach ar leathanach baile shuíomhanna gréasáin an NDA.

Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2013

Comhaltaí den Údarás Náisiúnta Míchumais in 2013

Comhalta	Líon na gcruinnithe ar ar freastalaíodh (tionóladh 8 gcruinniú)
Peter Mc Kevitt, Cathaoirleach	9
Caroline Burrell	9
Frank Cunneen	9
Tara Cunningham	5
James O'Grady	7
Fiona Duignan	4
Linda Grealay	6
Shane Hogan	8
David Joyce	7
Des Kenny	7
Mary Lavelle	8
Joanne McCarthy	3
Donie O'Leary (arna cheapadh in Eanáir 2013)	7

An Coiste Iniúchóireachta

- Donal Lawlor (Cathaoirleach)
- Robert Cashell
- Frank Cunneen
- Des Kenny

An Coiste Airgeadais

- Frank Cunneen (Cathaoirleach)
- Caroline Burrell
- David Joyce

- Des Kenny
- David Scott
- Pat Fitzsimons (ceaptha Márta 2012)

Fochoiste na Straitéise Náisiúnta Míchumais

- Shane Hogan (Cathaoirleach)
- Tara Cunningham
- James O'Grady
- David Joyce
- Mary Lavelle
- Joanne McCarthy

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha in 2013

An earnáil phoiblí:

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

- An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Leanaí

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

- Coiste Monatóireachta an Phlean Earnála agus Chuid 5

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

- Painéal Idirchaidrimh Tomhaltóirí
- Fóram Tionscail ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

An Roinn Oideachais agus Scileanna

- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Fóram Comhairleach na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- Grúpa monatóireachta ar chur i bhfeidhm na Straitéise Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumais

Uisce Éireann

- Fóram Páirtithe Leasmhara

An Roinn Sláinte

- Grupa um Chur i bhFeidhm ar Athbhreithniú um Luach ar Airgead agus Beartais na Seirbhísí Míchumais
- Grúpa Athbhreithnithe Tionscadal maidir le Liúntas So-áistritheachta agus Deontas Iompair Mótair
- Grúpa Stiúrtha um Bunachair Shonraí Náisiúnta Míchumais

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

- Fóram Náisiúnta Comhairleach

- Grúpa um chur i bhfeidhm ar “Time to move on from Congregated Settings’
- Grúpa um chur i bhfeidhm ar ‘New Directions’

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

- Coiste Monatóireachta Chuid 5

Cosc

- Comhlacht náisiúnta comhairleach maidir le foréigean baile, inscne-bhunaithe ar inscne agus gnéis in éadan ban
- Coiste Stiúrtha Náisiúnta maidir le foréigean in éadan ban

An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Fóram Comhairleach Míchumais
- Grúpa Athbhreithnithe um Liúntas Cúram Tí

Seirbhís Náisiúnta Abhcóideachta do Dhaoine faoi Mhíchumais

- Bord na Seirbhíse Náisiúnta Abhcóideachta
- Grúpa Comhairleach ar an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta

Roinn an Taoisigh

- Grúpa Idir-Rannach maidir le Liúntas So-aistritheachta agus Deontas Iompair Mótair

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- An Coiste Comhairleach um Inrochtaine
- An Coiste um Inrochtaine Iompair Phoiblí

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

- An Coiste Comhairleach um Thacsaithe

Eile

- An Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) — Foireann Tionscadail do Shainordú 376
- An Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) — Foireann Tionscadail do Shainordú 473
- Grúpa Oibre an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

- IRAÉ (Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann) an Tascfhórsa um Dhearadh Uilíoch
- Grúpa Oibre Threoir 71 Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO)

Aguisín 3: Foilseacháin in 2013

- Tuarascáil Bhliantúil 2012
- Buiséid phearsanta a thabhairt isteach - cad is féidir linn a fhoghlaim ó thíortha eile
- Suirbhé Náisiúnta ar Dhaoine a Tháinig Slán as Stróc 2013
- Plean Straitéiseach 2013–2015

Aguisín 4: Páipéir chomhairle um beartas in 2013

Páipéir chomhairle um beartas a cuireadh isteach:

- An Bille um Chinnteoireacht Chuidithe 2013
- Páipéar do Chomhchoiste an Oireachtais maidir le Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar fhoréigean baile
- Measúnú ar fhiúntais an dara bliana réamhscolaíochta do pháistí faoi mhíchumas
- Freagraí ar an gcomhairliúchán ar phrintísigh
- Liúntas So-aistritheachta agus Deontas Iompair Mótair
- Conarthaí Busanna Poiblí
- Muirear Craolacháin Seirbhíse Poiblí
- Tionscadal maidir le Méadrú Cliste
- Cumarsáid Leictreonach

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4

Guthán: (01) 608 0400

Facs: (01) 660 9935

www.nda.ie

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an comhlacht neamhspleách a thugann sainchomhairle ar bheartas agus chleachtas míchumais don Aire, agus a dhéanann Dearadh Uilíoch a chur chun cinn in Éirinn.